Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0277(COD)**

**8680/1/23**
**REV 1**

**JUR 283**
**AUDIO 36**
**CODEC 685**
**DIGIT 78**
**MI 320**
**DISINFO 23**
**FREMP 119**
**COMPET 352**
**EDPS 6**
**DATAPROTECT 114**
**JAI 502**
**SERVICES 16**
**POLGEN 38**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Tar éis dul i gcomhairle leis an Meitheal um Chlosamharc agus Meáin, chuir an Uachtaránacht i dtoll a chéile an páipéar cúlra a ghabhann leis seo, a thíolactar mar bhunús leis an díospóireacht bheartais, a bheidh ar siúl ag an gcruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 15-16 Bealtaine 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Díospóireacht bheartais na n-airí ag Comhairle EYCS**

**(Cultúr, Closamharc agus Meáin)**

**An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)**

**An Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023**

Is é an t-ábhar do dhíospóireacht bheartais na n-airí a bheidh ar siúl le linn an tseisiúin Cultúir, Closamhairc agus Meán de Chomhairle EYCS (an Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023) an togra le haghaidh Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)[1].

Leis an tuarascáil ar dhul chun cinn[2] i ndáil le staid na n-ullmhúchán don seasamh ón gComhairle maidir le EMFA, cuirtear ar fáil do na toscaireachtaí measúnú na hUachtaránachta ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar ár gcaibidlíocht inmheánach go dtí seo. Cuireann sé túsphointe ar fáil freisin do dhíospóireacht bheartais na n-airí lena n-iarrtar treoir ó na hairí maidir leis na saincheisteanna nach mór a réiteach chun sainordú do Coreper a bhunú.

Is túsphointe tábhachtach d'aon phlé ar EMFA é ról uathúil sheirbhísí na meán neamhspleách maidir le hiolrachas tuairimí agus foinsí iontaofa faisnéise a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Ba mhaith leis an Uachtaránacht a iarraidh ar na hairí a dtuairimí a roinnt maidir leis an gcaoi a bhféadfadh EMFA, leis na leasuithe atá beartaithe a bhí á scrúdú againn go dtí seo sa phlé ullmhúcháin, cur le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí na meán san Aontas. D'fhéadfaí a áireamh leis sin breithnithe maidir leis an gcaoi a bhféadfaí saoirse na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a neartú san Aontas, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.

[1] 12413/22
[2] 8679/23

Agus sin á chur san áireamh, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas chun idirghabhálacha a spreagadh.

1. Cad iad na codanna is tábhachtaí den togra chun earnáil na meán a neartú, agus chun cabhrú leis na meáin agus le hiriseoirí a ngníomhaíochtaí a fheidhmiú go neamhspleách?

2. An féidir leis an togra an creat rialála nua do mhargaí agus seirbhísí digiteacha a chomhlánú ar bhealach a chruthaíonn cothromaíocht níos fearr idir seirbhísí nua ar líne agus earnáil na meán a tháirgeann ábhar? D’fhéadfaí a áireamh sna forálacha atá le breithniú na ceanglais a fhorchuirtear ar ardáin maidir le hábhar na meán nó oiriúnú tairiscintí closamhairc a mheas a thuilleadh, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

3. Ó do dhearcadh féin, cad í an tsaincheist is tábhachtaí atá fós le réiteach sula bhféadfar teacht ar chomhaontú foriomlán laistigh den Chomhairle?

Iarrtar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin de réir mar is cuí, agus/nó saincheisteanna eile a bhaineann le EMFA is mian leo a roinnt a tharraingt anuas. Iarrtar ar na hairí a gcuid idirghabhálacha a choinneáil faoi bhun 3 nóiméad ar a mhéad.